



# Frásleabhar Raghmallach

A Ranelagh Phrasebook





**Cabairí Rághmallacti:** Conor Linehan, Áine Ní Gíolla Chóille, Gráinne Carty, Maureen Rowan, Áine Ní Chabóid, Shairene Bell, William Harvey

## Clár Ábhair Contents

|   |          |
|---|----------|
| Introduction  | 4        |
| <b>Réamhrá</b>  | <b>5</b> |
| <b>Ar Shráideanna Raghmallach - nuair a chasaimid ar a chéile</b><br>When we meet on the street in Ranelagh | 7        |
| <b>Sa Pháirc</b> In the Park  | 9        |
| <b>Sa Siopa Ealaíon, 26 Raghmallach</b> In the Arts Shop, 26 Ranelagh                                       | 11       |
| <b>Sa Mhargadh Éisc</b> In the Fish Market  | 13       |
| <b>Sa Siopa Rothar</b> In the Bicycle Shop  | 15       |
| <b>Sna Siopaí Grósaíreachta</b> In the Grocery Shops  | 17       |
| <b>Sa Siopa Eisceadúnais</b> In the Off-Licence   | 19       |
| <b>I Siopaí na mBearbóirí</b> In the Barbers'   | 21       |
| <b>Sna Siopaí Caife</b> In the Coffee Shops   | 23       |
| <b>Sna Bialanna</b> In the Restaurants  | 25       |
| <b>Sna Pubanna</b> In the Pubs  | 27       |
| <b>Ag Téacsáil</b> Texting  | 29       |
| <b>Beannachtaí agus Moladh</b> Good Wishes and Compliments  | 30       |
| <b>Mallachtaí agus Maslaí</b> Curses and Insults  | 31       |

## Introduction

Ranelagh today is a multi-cultural place, with languages from all over the world. The Irish language may not be heard on the streets so often, but it is there. The community has thriving gaelscoileanna, excellent Irish language departments in the secondary schools, and many families who are raising their children through Irish. There are also many Ranelagh people who have only a few words of Irish, but who are proud that we have a language of our own as part of our culture and heritage.

Despite this goodwill, and fourteen years spent learning Irish at school, many of us are reluctant to use the language in public as we go about our daily lives. It can be difficult to know if the person we are speaking to is interested in using Irish, and we have an in-built fear of making mistakes. This project is an effort to overcome these obstacles.

Ranelagh Arts has been working for the past six years for the development of the cultural and artistic life of the area. This booklet and the stickers which accompany it represent our effort to integrate the use of the Irish language into that cultural and artistic life. We hope to provide opportunities for anyone who lives in the community, or who is visiting, to use whatever amount of Irish they have, without stress or fear of criticism. We are not expecting full conversations through Irish. This is just a first step, with Irish expressions being used along with English. The stickers which accompany the booklet will help us to find other people who are interested in using a few words of Irish. Fluency will come with help and practice, but at first we are just calling on you to 'Bain triail aisti'.

The collection of phrases and pictures in the booklet evolved from the thoughts of the Irish language conversation group called 'Cabairí Raghmallach' who meet on Thursday nights in No 26 – the local arts centre. There was lots of good humour as we worked our way through the project. We acknowledge the funding from Foras na Gaeilge which allowed us to go into print. None of us are Irish language experts, we are all learning. We have aimed for accuracy, but if any of our text needs correcting, please send us an email, your feedback will be very welcome.

We would particularly like to thank everyone who allowed us to take and use their photographs. All the images are local. We hope you will enjoy Ranelagh encounters even more with a few phrases from the booklet thrown in.

Maureen Rowan, Comhordaitheoir Gaeilge, Ranelagh Arts  
September 2010

## Réamhrá

Is sráidbhaile ilchultúrtha é Raghmallach i láthair na huair, le teangacha as gach aird den domhan le cloisteáil. B'fhéidir nach gcloistear an Ghaeilge ró-mhínic, ach tá sí ann. Tá na gaelscoileanna faoi bhláth, ranna Gaeilge den scoth sna meánscoileanna, agus teaghlaiha ina bhfuil an Ghaeilge mar chéad teanga. Tá go leor daoine i Raghmallach freisin nach bhfuil ach beagán Gaeilge acu, ach atá bródúil go bhfuil teanga dár gcuid féin againn, mar ghné den chultúr agus den dúchas.

In ainneoin dea-thoil i leith na teanga, agus ceithre bliana déag a chaitheamh ag déanamh staidéir uirthi ar scoil, bíonn drogall ar a lán againn Gaeilge a úsáid i ngnáthshaoil poiblí an tsráidbhaile. Níl sé éasca aithne a chur ar Ghaeilgeoirí eile, agus bíonn eagla orainn go ndéanfaimis botúin. Is cur chuige é an tionscadal seo chun na baic seo a sháru.

Tá Ealaíona Raghmallach ag obair le sé bliana anuas chun saol cultúrtha an cheantair a fhorbairt. Leis an leabhrán seo, agus an suaitheantas a ghabhann leis, táimid ag iarraidh úsáid na teanga a leathnú mar chuid den saol cultúrtha sin. Tá sé mar aidhm againn deiseanna a chur ar fáil don phobal, agus dár gcuairteoirí, pé méid Gaeilge atá acu a úsáid gan stró ná cáineadh. Ní gá a bheith líofa ná comhrá iomlán a dhéanamh trí Ghaeilge. Nílimid ach ag tógáil na chéadchéime, le nathanna cainte Gaeilge a chur á n-úsáid in éineacht leis an mBéarla. Cabhróidh na suaitheantais linn aithne a chur ar dhaoine eile a bhfuil fonn cainte Gaeilge orthu. Le cleachtadh agus cabhair, tiocfaidh an líofacht, ach ar dtús, 'Bain triail aisti'!

D'fhás an bailiúchán frásaí is pictiúr atá sa leabhrán seo as na smaointe a bhí ag an ngrúpa comhrá Cabairí Raghmallach a thagann le chéile gach oíche Déardaoin in uimhir 26 – an lár-ionad ealaíon. Bhí go leor Gaeilge agus gaire le cloisteáil le linn an tionscadail taitneamhaigh seo. Táimid fíor-bhuíoch d' Foras na Gaeilge as an maoiniú a fuairamar. Ní saineolaí Gaeilge éinne againn a bhí bainteach leis an tionscadal, táimid uile ag foghlaim. Rinneamar gach iarracht a bheith cruinn, ach má tá botúin in aon áit sa leabhrán, seol ríomhphoist chugainn, beidh fáilte roimh do chuid aiseolais.

Ár mbuíochas go háirithe leis na daoine a bhí chomh foighneach linn nuair a bhíomar ag iarraidh a ngrianghraif a thógáil. Tá súil againn go mbainfidh sibh féin, agus an pobal uile, sult as bheith ag comhrá le chéile.

Maureen Rowan, Comhordaitheoir Gaeilge, Ealaíona Raghmallach  
Meán Fómhair 2010



## Ar Shráideanna Raghmallach - nuair a chasaimid ar a chéile

When we meet on the street in Ranelagh

|   |   |
|---|---|
| <b>Dia duit / Conas tá tú?</b>  | Hello, how are you?   |
| <b>Níl mórán Gaeilge agam, ach bainfidh mé triail aisti</b>   | I don't have much Irish, but I will give it a try   |
| <b>Tá mé go maith / Tá mé togha / Nílím go hiomlán ar fónamh inniu</b>  | I am well / I am very well / I am a bit under the weather today   |
| <b>Tá tú ag breathnú go hiontach</b>  | You look wonderful  |
| <b>Tá mé i ndeireadh na feide / Bím ag strácáil liom</b>  | I am at the end of my tether / I keep struggling on   |
| <b>Conas tá do chúram?</b>  | How are the family?   |
| <b>Tá siad ar fheabhas / Tá siad dom chuir soir</b><br><i>(literally: sending me east - the direction of the mental hospital)</i>                     | They are doing very well / They are driving me crazy  |
| <b>Seo é mo fhear chéile / athar / mhac / dheartháir / athar chéile / nia / gharhmhac</b>   | This is my husband / father / son / brother / father-in-law / nephew / grandson   |
| <b>Seo í mo bhean chéile / mháthair / iníon / dheirfiúr / mháthair chéile / neacht / ghariníon</b>  | This is my wife / mother / daughter / sister / mother-in-law / niece / granddaughter  |
| <b>Tá áthas orm bualadh leat</b>  | I am pleased to meet you  |
| <b>Aon scéal agat?</b>  | Do you have any news?   |
| <b>Dheamhan scéal</b>   | Not a bit of news <i>(literally: Divil a bit)</i>   |
| <b>Caithfidh mé brostú, tá mé ar mo shlí go dtí an Fhéile Ealaíon / an phictiúrlann an t-ollmhargadh / an pub / oifig an phoist / teach mo charad</b> | I have to hurry, I am on my way to the Arts Festival / the cinema / the supermarket / the pub / the post office / my friend's house |
| <b>Bain sult as / Slán, go n-eirí leat / Feicfidh mé tú níos déanaí</b>   | Have a great time / Goodbye and good luck / See you later   |
| <b>Bhí sé go deas bualadh leat</b>  | It was good to meet you   |

### Conas tá tú?





**Nach bhfuil an lá go hálainn!**



## Sa Pháirc In the Park

### D'fhéadfá a rá – You could say

|   |   |
|---|---|
| <b>Nach bhfuil an lá go hálainn! / Lá lofa arís</b>   | What a lovely day / Another rotten day  |
| <b>Tá sé ceaptha a bheith níos fearr don deireadh seachtaine</b>  | It is expected to be better for the weekend   |
| <b>Tá an Samhradh linn, tá bolg le gréin á dhéanamh arís</b>  | Summer is here, the sunbathing has started  |
| <b>Samhradh lasmhar agat</b>  | Have a lovely summer  |
| <b>Beidh Samhradh Beag na Féile Michl againn le haghaidh Féile Raghmallach</b>                                  | We will have an Indian summer for the Ranelagh Arts Festival                                      |
| <b>Fainic! Ná téigh ró-ghar do imeall an locha</b>  | Watch out! Don't go too near the edge of the lake   |
| <b>Ni fhaca mé na healaí le fada. Níl siad ag neadú i Raghmallach i mbliana</b>                                 | I have not seen the swans for a while. They are not nesting in Ranelagh this year                 |
| <b>Tá an chearc uisce ar gor ar imeall an oileáin, le sé ubh sa nead aici</b>                                   | The moor hen is hatching on the edge of the island, with six eggs in the nest                     |
| <b>Is breá leis na colúir arán cruá ach goideann an faoileán uathu é</b>  | The pigeons love stale bread but the seagull steals it from them                                  |
| <b>Féach ar an méid éisc sa loch, is carbáin iad</b>  | Look at all the carp (fish) in the lake   |
| <b>Tá na héiníní lachain go hálainn, ach caithfear iad a chosaint ón gcorr éisc agus ó na faoileáin scadáin</b> | The ducklings are beautiful, but they have to be protected from the heron and the herring gulls   |
| <b>Tá go leor snaganna breac thart freisin</b>  | There are lots of magpies around as well  |
| <b>Sin dealbh de Richard Crosbie, an chéad fhear in Éirinn a chuaigh in airde ag eitilt i mbalún te i 1785</b>  | That is a statue of Richard Crosbie, the first man in Ireland to fly in a hot air balloon in 1785 |
| <b>Seo chugainn an coimeadaí páirce. Brostaigh, beidh na geataí dúnta go luath</b>                              | Here is the park keeper. Hurry, the gates will be closed shortly                                  |



Bain sult as



## Sa Siopa Ealaíon, 26 Raghallach In the Arts Shop, 26 Ranelagh

### D'fhéadfá a rá – You could say

|   |   |
|---|---|
| <b>Tá mé ag lorg ticéid le haghaidh na ceolchoirme anocht. An bhfuil tuilleadh acu fágtha?</b>  | I am looking for tickets for the concert tonight. Are there any left?   |
| <b>Cé mhéad ticéad atá uait?</b>  | How many tickets do you need?   |
| <b>Cé mhéad atá ar na ticéid?</b>   | How much are the tickets?   |
| <b>Cúig euro an ceann / Deich euro / Tá saor chad isteach, ach bíonn fáilte roimh thabhartais</b>   | Five euro each / Ten euro / No entry charge but we welcome donations  |
| <b>Níl sóinseáil agam. Caithfidh mé í a fháil sa siopa. Ar mhiste leat fanacht ar feadh nóiméid?</b>  | I have no change. I will have to get some in the shop. Do you mind waiting?   |
| <b>Ócáid den scoth a bheidh ann. Táimid ag súil le slua mór. Déan an scéal a scaipeadh</b>  | It will be a great occasion. We are hoping for a big crowd. Spread the word   |
| <b>Cathain agus cén áit? Beidh sé ag tosú ag a sé / a seacht / leath uair tar eis a seacht / a hocht in Uimhir 26 (fiche sé) / i Scoil Bhríde / i bPáirc Sandford</b> | What time is it starting and where? It will start at 6 / 7 / 7.30 / 8 in No 26 / in Scoil Bhríde / in Sandford Park |
| <b>Bain sult as</b>   | Enjoy it  |
| <b>Tá súil agam nach múinfidh sé ar do mhórshuíl!</b>   | I hope it will not rain on your parade!   |
| <b>Tá daoine deonacha ag teastáil uainn i gcónaí</b>  | We always need volunteers   |
| <b>Cá bhfuil .....? Tá sé/sí ag obair faoi lánseol thuas staighre / Sciort sé/sí anonn chuig siopa an gheallghlacadóra</b>  | Where is.....? He/she is working flat out upstairs / He/she is just popped out to the bookies                       |
| <b>Caitheann sé seo bata sa roth</b>  | This throws a spanner in the works  |
| <b>Ba mhaith liom breathnú thart, murar mhiste leat</b>   | Do you mind if I look around?   |
| <b>Cinnte, tá go leor leabhar athlámhe againn, ar dhá euro an ceann</b>   | Go ahead, we have lots of second-hand books at €2 each  |
| <b>Slán go fóill</b>  | 'Bye for now  |



Ar mhaith leat filléid no an t-iasc iomlán?



## Sa Mhargadh Éisc In the Fish Market

### D'fhéadfá a rá – You could say

Tá mé ag lorg...

|   |  |
|---|--|
| <b>Anglait</b> (monkfish)               | <b>Ochtapas</b> (octopus)                                      |
| <b>Bradán orgánach</b> (organic salmon) | <b>Oisrí</b> (oysters)   |
| <b>Cadóg</b> (haddock)                  | <b>Ronnach</b> (mackerel)                                      |
| <b>Colmóir</b> (hake)                   | <b>Scadán</b> (herring)  |
| <b>Diúilcíní</b> (mussels)              | <b>Sól – bán, dubh, sleamhain</b> (sole – white, black, lemon) |
| <b>Faoitín</b> (whiting)                | <b>Trosc</b> (cod)   |
| <b>Gliomach</b> (lobster)               | <b>Tuinnín</b> (tuna)  |
| <b>Muiríní</b> (scallops)               |  |

**Ar mhaith leat filléid no an t-iasc iomlán?** Would you like fillets or the whole fish?

**Ar mhaith leat cadóg úr nó dheataithe?** Would you like fresh or smoked haddock?

**Ar mhiste leat ceithre fhilléad a choinneáil dom agus beidh mé ar ais ar ball beag** Would you mind keeping four fillets for me and I will be back in a short while

**An bhfuil cumasc éisc le haghaidh pioige agat?** Do you have fish pie mix?

**Cé mhéad ar chileagram amháin?** How much for a kilogramme?

**An féidir é seo a chur sa domhain reoiteoir?** Can I put this in the freezer?

**Tagann an t-iasc úr ó Bheann Éadair gach maidin** The fish comes fresh from Howth every morning

**Seo oideas deas éasca. Is fiú triail a bhaint as** This is a nice easy recipe. It's worth a try

**Tá an t-anraith bia mara anseo go maith freisin** The seafood chowder is good here too



Tá poll sa bhonn agam



## Sa Siopa Rothar In the Bicycle Shop

### D'fhéadfá a rá – You could say

|  |   |
|--|---|
| <b>Tá poll sa bhonn agam. An féidir é a dheisiú anseo?</b>   | I have a puncture. Can I get it fixed here?   |
| <b>Cinnté, fág liom é. Beidh sé réidh ag a haon / a dó / a trí / a ceathair / a cúig a chlog</b>               | Certainly, leave it with me. It will be ready at one / two / three / four / five o'clock    |
| <b>Tá an bonn scriosta. Caithfidh tú ceann nua a fháil</b>   | The tyre is burst. You will need a new one  |
| <b>Tá mé ag lorg clogaid nua, goideadh an ceann a bhí agam</b>   | I am looking for a helmet, the one I had was stolen   |
| <b>Seo é an ceann is fearr ó thaobh na sábháilteachta de</b>   | This is the safest one  |
| <b>Tá mé ag lorg diallaite / iompróra / painnéirí / soilse. Cad a mholfá?</b>                                  | I am looking for a helmet / saddle / carrier / panniers / lights. What would you recommend? |
| <b>Cad é do mheas ar seo?</b>  | What do you think of this?  |
| <b>Tá an glas seo daor, ach ní féidir é a bhriseadh</b>  | This lock is expensive but it is impossible to break  |
| <b>An bhfuil fhios agat gur féidir árachas a fháil i gcomhair do rothair?</b>                                  | Do you know you can get insurance for your bicycle?   |
| <b>Is rothar comaitéireachta iontach é seo – tá na coscáin go deas mín agus is féidir go leor a iompar air</b> | This is a great commuter bike – the brakes are smooth and you can carry plenty on it        |
| <b>Níl uaim anois ach seaicéad buí agus fáiscíní rothaíochta</b>   | All I need now is a yellow jacket and bicycle clips   |
| <b>Táim ag lorg rothar ar ath-láimh ar shladmhargadh</b>   | I am looking for a second-hand bicycle at a bargain   |
| <b>Níl tada agam faoi láthair, ach beidh ceann ag teach isteach go luath</b>                                   | I have nothing at the moment, but there will be one coming in shortly                       |
| <b>An féidir leat na heochracha seo a ghearradh dom?</b>   | Could you cut these keys for me?  |
| <b>Beidh siad réidh ar an bpointe boise / láithreach bonn</b>  | I will have them ready straight away  |





**Sin tairiscint speisialta mhaith**



## Sna Siopaí Grósaireachta

### In the Grocery Shops

#### D'fhéadfá a rá – You could say

|  |  |
|--|--|
| <b>Droch rath air! Níl euro agam don tralaí</b>  | Damn it! I don't have a euro for the trolley   |
| <b>Cá bhfuil na ciseáin?</b>   | Where are the baskets?   |
| <b>Sin tairiscint speisialta mhaith ar bhagún / ar mhairteoil / ar stéig / ar bhrollaigh shicín / ar ghríscíní muiceola / ar uaineoil / ar shlisíní / ar liamhás</b> | That is a good special offer on bacon / beef / steak / chicken breasts / pork chops / lamb / rashers / ham |
| <b>Gabh mó leithscéal, an bhfuil fhios agat cá bhfuil na hanlanna / na hanraithí / na huibheacha / na gránaigh / na ciarsúir / na hearraí maisíochta?</b>            | Excuse me, do you know where the sauces / soups / eggs / cereals / tissues / toiletries are?               |
| <b>Tá scuaine uafásach ag an gcuntar amach. Rachaidh mé go dtí an ceann féinseirbhíse</b>  | There is a huge queue at the checkout. I will go to the self-service                                       |
| <b>Sin a bhfuil? Sea – sin a bhfuil</b>  | That's the lot? Yes – that's it  |
| <b>An bhfuil málaí ag teastáil uait?</b>   | Do you need bags?  |
| <b>An bhfuil cárta dílseachta agat?</b>  | Do you have a loyalty card?  |
| <b>Ar mhaith leat aisairgead?</b>  | Would you like cash-back?  |
| <b>Do admháil, agus do chuid sóinseála</b>   | Your receipt, and your change  |
| <b>Cad iad na comhábhair a úsáideann tú san arán / sna pióga / sna brioscaí / sa subh / sa seatnaí / san anlann goinbhlasta / sa quiche</b>                          | What ingredients do you use in the bread / pies / biscuits / jam / chutney / relish / quiche?              |
| <b>Seo liosta de na comhábhair. Tá gach a bhfuil le díol againn de dheántús baile</b>  | This is a list of the ingredients. Everything we have is homemade  |



**Seo leann nua grúdaithe in Éirinn**



## Sa Siopa Eisceadúnais

### In the Off-Licence

#### D'fhéadfá a rá – You could say

- Ba mhaith liom roinnt fionta nua a bhlaiseadh. Táim bréan de na cinn a cheannaím go hiondúil. An bhfuil comhairle agat dom?** I would like to try some new wines. I am tired of the ones I usually buy. What would you advise?
- Dearg, geal nó rósdaithe? Neamh-mhilis nó milis? As an Domhan Nua nó an Sean-Domhan?** Red, white or rosé? Dry or sweet? Old world or new world?
- Is breá liom fíon dearg atá go breá tathagach** I like a good full-bodied red wine
- Is breá liom fíon geal éadrom briosc neamh-mhilis** I like a light, dry, crisp white wine
- Tá fíon deas anseo as an bhFrainc / an Iodáil / an Spáinn / an Ghearmáin / an tSile / an Nua-Shéalainn / an Astráil** This is a good wine from France / Italy / Spain / Germany / Chile / New Zealand / Australia
- Tá na fíona den chéad rogha thall ansin** The fine wines are over there
- Tá an fíon súilíneach agus an tseaimpéin anseo** The sparkling wines and champagne are here
- Seo sladmhargadh – laghdaithe ó fiche euro go dtí a cúig déag** This is a bargain – reduced from €20 to €15
- Tá uisce beatha, branda, licéir, jin, vodca agus rum taobh thiar den chuntar** The whiskey, brandy, liqueurs, gin, vodka and rum are behind the counter
- Tá ríomse maith beoracha ar fáil, go leor acu as micreaghrúdlanna** There is a wide range of beers here, lots from microbreweries
- Caithfidh tú an leann / leann dubh / lágar seo a bhlaiseadh** You must taste this ale / stout / lager
- Seo leann nua grúdaithe in Éirinn. Is breá liom an chothromaíocht idir bhlas na braiche agus na leannlusanna** This is a new ale brewed in Ireland. I like the balance between the flavour of the malt and the hops
- Caithfear tacaíocht a thabhairt don tionsclaíocht dúchasach, tabhair dom dosaen buidéal** We must support local enterprise, I will take a dozen bottles



'Mullet' atá uaim



## I Siopaí na mBearbóirí

### In the Barbers'

#### D'fhéadfá a rá – You could say

**Cuir slacht air / Bearradh tirim / Bearradh fluich / Bearradh rásúir / Bearradh féasóige / Agus beagán ón gcroiméal freisin** Tidy up / Dry cut / Wash cut / Buzz cut / Beard trim / And a little off the moustache as well

**Mar is gnáth, dlúthbhearradh cúil agus taobhanna** The usual – short back and sides

**Uimhir a ceathair ar bharr, a trí ar chúl agus taobhanna** Four on the top, three on the back and sides

**A náid - maolcheann atá uaim** Blade zero – I want to have it shaved

**Caith beagáinín glóthaí air freisin** Throw a bit of gel on it as well

**Bíonn mo ghruaig spíceach, de gnáth** I usually wear my hair spiked

**An é mise an chéad duine eile?** Am I next?

**Tá scuaine mhór ann – tiocfaidh mé ar ais ar ball** There is a big queue, I will come back in a while

**'Mullet' atá uaim** I am changing to a mullet

**Meas tú go mbeidh Learpholl níos fearr i mbliana?** Will this be a better year for Liverpool?

**An raibh tú ag féachaint ar an gcaid / ar an bpeil?** Were you watching the football / soccer?

(Note: In Munster Irish 'caid' or 'peil Gaelach' refers to Gaelic football)

**A leithéid de chúl a scóráil sé! Peileadóir den scoth, ag leanúint lorg a athar** Such a goal he scored! A champion footballer, following in his father's footsteps

**Aon rud beartaithe don deireadh seachtaine?** Any plans for the weekend?

**Tá mé ag dul go cóisir bhreithlá aon bhliain is fiche / cóisir na stumpaí / an cluiche** I am going to a 21st / a stag party / the match

**Níl tada beartaithe, níl cianóg rua agam** No plans – I'm broke

**Sásta leis sin? – Go breá** Happy with that? – That's grand



## Sna Siopaí Caife

### In the Coffee Shops

#### D'fhéadfá a rá – You could say

|  |  |
|--|--|
| <b>Dhá chupán caife don bhóthar, le do thoil – ceann ard agus ceann meathard</b>   | Two cups of coffee to go please – one tall and one medium  |
| <b>Is deas tú a fheiceáil. An mbeidh caife agat, nó tae?</b>   | It's great to see you. Will you have coffee or tea?  |
| <b>Beidh Americano / cappuccino / latte lom / espresso tathagach / seacláid the</b>  | I will have an Americano / a cappuccino / a skinny latte / a full bodied espresso / a hot chocolate  |
| <b>Beidh tae luibhe agam</b>   | I will have a herbal tea   |
| <b>Ba mhaith liom cáca síog / donnóg / croissant / béigeal</b>   | I would like a cup cake / a brownie / a croissant / a bagel  |
| <b>Beidh fillteog / ceapaire agam le liamhás, cáis, sailéad agus trátaí griantriomaithe</b>  | I will have a wrap / sandwich with ham, cheese, salad and sun-dried tomatoes   |
| <b>Im nó maonáis?</b>  | Butter or mayonnaise?  |
| <b>Ní bheidh tada agam, tá mé ar aiste bia</b>   | I won't have anything, I am on a diet  |
| <b>An nglacann tú le cártaí léasair nó cártaí creidmheasa?</b>   | Do you accept laser cards or credit cards?   |
| <b>Ní ghlacaimid ach le hairgead tirim, ach tá meaisín bainc thíos an tsráid</b>   | We only accept cash, but there is a bank machine down the street   |
| <b>An bhfuil an suíochán seo gafa?</b>   | Is this seat taken?  |
| <b>Buail fút agus inis dom ceard a bhí ar siúl agat le déanaí</b>  | Sit yourself down and tell me what have you been getting up to lately  |
| <b>Tá cúrsaí in umar na haimléise, tá mé ag obair ar mo sheacht ndícheall agus cá bhfuil m'fhear chéile a bhí / mo bhean chéile a bhí? Amuigh ag damhsa ar na bánta leis an airgead a fuair sé/sí uaim</b> | Things are at an all-time low, I am working flat out and where is my ex-husband / ex-wife? Out swanning around with the money he/she got from me |
| <b>Chuirfeadh sé sin olc ort ceart go leor. Caithfidh tú bheith saor ó chúraimí uile an tsaoil ar feadh tamaillín</b>  | That is annoying alright. You will have to get away from it all for a while  |

**Dhá chupán caife don bhóthar, le do thoil**

**Dhá chupán caife don bhóthar, le do thoil**





**Bord i gcomhair ceathair,  
le do thoil**



## Sna Bialanna In the Restaurants

### D'fhéadfá a rá – You could say

|   |   |
|---|---|
| <b>Bord i gcomhair ceathair, le do thoil</b>  | A table for four please                                       |
| <b>An bealach seo, le do thoil</b>  | This way please   |
| <b>Seo chugat an biachlár, agus tá rogha bia an lae ar an gclár dubh</b>                  | Here is the menu, and today's specials are on the blackboard  |
| <b>Tá mé stiúgha leis an ocra. Ghéaraigh an tsiúlóid mo ghoile</b>                        | I am very hungry. The walk whetted my appetite                |
| <b>Tá sé chomh maith againn buidéal fíona a fháil</b>                                     | We might as well get a bottle of wine                         |
| <b>Ólaimis sláinte. Gura seacht fearr a bheimid bliain ó inniu!</b>                       | A toast. May we be seven times better a year from today!      |
| <b>Ó chraos na meisce go scara muid!</b>  | From the claws of drink may we be delivered!                  |
| <b>Is álainn an rud lón breá cailíneach a bheith againn ó am go ham</b>                   | It's lovely to have a girlie lunch now and again              |
| <b>Cad a bhéas againn?</b>  | What will we have?  |
| <b>Is breá liom cuma na méise éisc agus na roghanna veigeatóracha</b>                     | I like the look of the fish dish and the vegetarian options   |
| <b>Is feoilteoir amach is amach mise. Beidh stéig agam. Is maith liom scoth-bhruite é</b> | I am a total carnivore. I will have the steak. I like it rare |
| <b>An mbeidh céad chúrsa againn?</b>  | Will we have a starter?                                       |
| <b>An bhfuil sibh réidh chun ordú?</b>  | Are you ready to order?                                       |
| <b>Tá an mhilseog seacláide seo níos fearr ná an gnéas é féin!</b>                        | This chocolate dessert is orgasmic!                           |
| <b>An mbuailfimid an bóthar?</b>  | Will we hit the road?   |
| <b>Leis an mbille agus an síneadh láimhe, sin tríchoa euro an duine</b>                   | That's thirty euros each with the bill and the tip            |



**Is túisce deoch ná scéal**



## Sna Pubanna

### In the Pubs

#### D'fhéadfá a rá – You could say

|   |   |
|---|---|
| <b>Ní fhaca mé le haois ghabhair thú</b>  | I have not seen you for ages (literally – for dog years)  |
| <b>Ní raibh mé ag baint dó ar feadh tamaillín ach tá mé ar ais ar na cannaí arís</b>  | I was on the wagon for a while but I am back on the booze again   |
| <b>Ag lorg leigheas na póite atá mé féin</b>  | I am looking for a hair of the dog myself   |
| <b>Is túisce deoch ná scéal</b>   | A drink comes before a story  |
| <b>Fúmsa atá an seasamh. Céard a bhéas agat?</b>  | It's my round. What will you have?  |
| <b>Nílím ach ag slogadh taoscáin</b>  | I am only having a quick one (literally – gulping it down)  |
| <b>Pionta / gloine / leathghloine / buidéal</b>   | A pint / a glass / a half one / a bottle  |
| <b>Beidh uisce súilíneach / uisce gan súilíní / uisce ón sconná agam</b>  | I will have sparkling water / still water / tap water   |
| <b>Is mise an tiománaí ainmnithe</b>  | I am the designated driver  |
| <b>Tá slogadh fada aici</b>   | She can hold her drink  |
| <b>Chas mé le Seán níos luaithe. Bhí braon faoin bhfiacail aige</b>   | I met Seán earlier. He had a drop taken   |
| <b>Bhí leithscéal maith aige. Fuair sé leid do rásaí Bhaile na Lobhar agus bhuaigh sé ag corrlach fiche in aghaidh a haon</b> | He has a good excuse. He got a tip for Leopardstown and he won at 20/1  |
| <b>Trí nithe a bhaineann le hól: é a ól, é a iompar agus díol as</b>  | Three things needed for drinking: capacity to drink, ability to carry it and the money to pay for it                    |
| <b>Sláinte chugat is cabhair, is dealbh go deo ná rabhair. Go bhfása clúmh ar do ghabhal chomh fada le meigeall gabhair</b>   | May you have health and helpers, and may you never see want. May the hair on your crotch grow as long as a goat's beard |
| <b>Beidh deoch an dorais againn</b>   | We will have one for the road   |



**Sin dea-scéal!**



## Ag Téacsáil Texting

### D'fhéadfá a rá – You could say

|  |   |
|--|---|
| <b>Cad tá ar bun? Conas tá cúrsaí?</b>   | What's up? How are things?  |
| <b>Sin dea-scéal!</b>  | That's good news  |
| <b>Tá sin ag dul thar fóir!</b>  | That's going too far!   |
| <b>An bhféadfainn cur fúm agaibhse?</b>  | Could I crash at your place?  |
| <b>Tabhair scairt dom</b>  | Ring me   |
| <b>Is éan corr thú!</b>  | You are off the wall  |
| <b>Ba dheas uait é teacht i gcabhair orm</b>   | It was good of you to help me out   |
| <b>Faicfidh mé tú ar an Luan / ar an Mháirt / ar an gCéadaoin / ar an Déardaoin / ar an Aoine / ar an Satharn / ar an Domhnach</b> | See you on Monday / Tuesday / Wednesday / Thursday / Friday / Saturday / Sunday |
| <b>Cathain?</b>  | At what time?   |
| <b>Lá cinniúna duit inniu.<br/>Go n-éirí go geal leat /Rath is fónamh ort</b>  | Today is your big day.<br>Best of luck  |
| <b>Beart i gcrích! Tá sceitimíní orm!</b>  | Success! I am thrilled!   |
| <b>Rinne tú éacht. Mo ghairm thú! / Mo ghraidhin thú! / Mo cheol thú!</b>  | Well done! That's a great achievement   |
| <b>Bhaineamar sult as</b>  | We had a great time   |
| <b>Go breá!</b>  | Great!  |
| <b>Gura míle</b>   | Ta (thanks)   |
| <b>GRMA</b>  | Thanks a million (Go raibh míle maith agat)                                     |

**Nóta:** Is féidir bogearra Téacs Vodafone a íoslódáil chuig do fhón póca chun téacsáil Gaeilge a éascú. Sonraí ar [www.teacs.ie](http://www.teacs.ie)  
 Note: You can download software to your mobile phone to make texting in Irish easier. Details on [www.teacs.ie](http://www.teacs.ie)

## Beannachtaí agus Moladh

### Good Wishes and Compliments

#### D'fhéadfá a rá – You might say

|  |   |
|--|---|
| Go dté tú slán   | Safe journey  |
| Misneach ort   | May you have courage  |
| Go gcúitfeair do shaothar leat   | May you be rewarded for your work   |
| Rath agus bláth na bliana ort  | May the year ahead be lucky and prosperous for you                                |
| Am agus ionú agat  | May you have both time and opportunity  |
| Fadsaol chugat – Go mairir an céad agus bliain chun aithrí                       | Long life to you – May you live to be a hundred, and one more year for repentance |
| Slíocht sleachta ar shlíocht bhur sleachta                                       | May your children's children have grandchildren                                   |
| Mura fearr, nára measa   | If things can't get any better, may they at least not get any worse               |
| Nár bhaintear dod shiúl  | That you may suffer no setback  |
| Go dtaga ciall chugat, uair éigin  | May you get sense, some time  |
| Nár thaga fuilte failte ort  | May you not become confused through overhaste                                     |
| Is mac na dea-mháthar thú  | You are a worthy son of a good mother   |
| Is duine gnáúil / éirimiúil / macánta / bríomhar / tuiscianach / cruthaitheach í | She is a decent / intelligent / honest / lively / understanding / creative person |
| Is spéirbhean / áilleagán thú  | You are georgeous   |
| Is cliobaire breá dathúil é  | He is a fine handsome hunk  |
| Tá niamh na n-ainnir mar iníon agat  | Your daughter is a beauty   |

## Mallachtaí agus Maslaí

### Curses and Insults

#### D'fhéadfá a rá – You could say

|  |   |
|--|---|
| Tochas gan ingne chugat  | May you have an itch and no nails   |
| Go n-ithe an cat thú agus go n-ithe an diabhal an cat                        | May the cat eat you and may the devil eat the cat                                       |
| Go n-ithe an chráin mhíolach thú   | May the louse-infested sow eat you  |
| Go mbeire an diabhal uaim é  | May the devil take him out of my sight  |
| Croc ard lá gaoithe chuge  | A high scaffold on a windy day to him   |
| Droch-chríoch ort  | May you come to a bad end   |
| Imeacht gan teacht ort   | May you go and not return   |
| Go ndéine an diabhal dréimire de chnámh do dhroma                            | May the devil make a ladder of your backbone  |
| Is amadán / streilleachán / liúdrámán / dailtín / boicín / cladhaire ceart é | He is an idiot / silly looking / a lazy loafer / a little twerp / an upstart / a waster |
| Níl aige ach focal mór – ní dhéanann sé oiread na fríde den obair            | He is all talk and does not do a tap of work  |
| A leithéid de ghaimbínearas! Cuireann sé masmas orm                          | Such a rip-off! It makes me sick  |
| Tá airgead a chéad chomaoine fós aige  | He is tight-fisted<br>(literally: still has his first communion money)                  |
| Is pian sa tóin é. Thugas an bóthar dó                                       | He is a pain in the backside.<br>I sent him packing                                     |
| Cic maith sa tóin atá de dhíth air   | A good kick in the backside is what he needs  |
| Diabhal tí is aingeal sráide is ea é   | He is a house devil and a street angel  |
| Is aos dána le boghanna bána iad dar leo féin                                | They are very arty-farty<br>(literally: they think they are poets with white halos)     |
| Bíonn geanc uirthi i gcónaí  | She is very toffee nosed  |









*[www.ranelagharts.org](http://www.ranelagharts.org)*

*[gaeilge.ranelagharts@gmail.com](mailto:gaeilge.ranelagharts@gmail.com)*

*26 Raghallach, Baile Átha Cliath 6*